




Straitéis chun Gréasáin úsáidte Gaeilge do Dhaoine Óga a Bhunú ar fud an Oileáin

Cumann na bhFiann

IONAD ÓIGE NA HÉIREANN | CO. NA MÍ, A85K221





Mar Thoradh ar an Straitéis seo a chur i bhfeidhm beidh...

- Bunachar Sheirbhísí Óige trí mheán na Gaeilge ar fáil
- Láithreacht ar-líne forbartha
 - *Suíomh idirlín*
 - *Na meáin shóisialta*
- Daoine óga/Tuistí/Múinteoirí in ann seirbhísí a aimsiú gan stró
- Ardán fógraíochta ann do na grúpaí óige Gaeilge ar fad
- Gréasáin Ghaeilge óige cruthaithe
- Comhoibriú le páirtithe leasmhara
- Seirbhísí Tacaíochta
 - *Cúrsaí traenála/tacaíochta d'Oibrithe Óige*
 - *Córas tacaíochta leanúnaí d'Oibrithe Óige*
 - *Cúnamh agus comhairle d'Oibrithe Óige chun seirbhísí nua a bhunú*
 - *Deis d'Oibrithe Óige smaointe a roinnt ar a chéile*

Clár

Misean	3
Fís	3
Cuspóirí na Straitéise	3
Spriocphobal	4
Comhthéacs	5
Céard is Gréasán Úsáidte Gaeilge do Dhaoine Óga ann?	6
An Staid Reatha	7
Seirbhísí eile ag saothrú i ngort na hÓige ar fud an Oileáin	8
Soláthróirí Ógclubanna Ghaeilge	9
Ógclubanna de réir Cúige	11
Méid Seirbhísí Óige in Éirinn de réir Contae, 2017-2019	12
Seirbhísí agus Imeachtaí Óige in Éirinn	13
Samplaí d’Imeachtaí/Tionscadail a chuirtear ar fáil do Dhaoine Óga trí Ghréasáin Éagsúla:	17
Struchtúr Feidhmithe	21
Straitéis Chéimnithe	22
Buntáistí de thoradh chur i bhfeidhm na Straitéise	24
Réimsí Gnímh	25
Aguisín 1	26
Aguisín 2	27

Misean

Tá sé mar aidhm ag an Straitéis seo bunú gréasáin úsáidte Gaeilge do dhaoine óga ar fud an oileáin a spreagadh, a éascú agus a fhorbairt i gcomhar leis na páirtithe leasmhara uile. *(Tá liosta de na páirtithe leasmhara le fáil in aguisín 1).*

Fís

Gréasáin Ghaeilge do dhaoine óga ag feidhmiú ar fud an oileáin ag cruthú deiseanna úsáidte Gaeilge taobh amuigh den chóras oideachais.

Cuspóirí na Straitéise

Tá sé mar phríomhaidhm ag an Straitéis seo go mbeidh gréasáin Ghaeilge do dhaoine óga ag feidhmiú ar fud an oileáin ionas gur féidir leo gnáthshaol na hóige taobh amuigh den chóras oideachais a chaitheamh trí mheán na Gaeilge.

- Bunú gréasáin úsáidte Gaeilge do dhaoine óga ar fud na hÉireann a spreagadh, a éascú agus a fhorbairt i gcomhar leis na páirtithe leasmhara uile
- Páirtithe leasmhara a thabhairt le chéile chun an Straitéis agus an Plean Oibre a eascróidh as a aontú
- Na céimeanna a bhainistiú chun gréasáin inbhuanaithe óige a chruthú agus tacaíocht agus comhairle chuí a sholáthar dóibh
- An líon daoine óga a labhraíonn Gaeilge gach lá lasmuigh den chóras oideachais a ardú
- Cur le líon na ndaoine a mbeidh eolas acu ar sheirbhísí óige trí mheán na Gaeilge
- Seirbhísí Óige a bheith ar fáil níos forleithne ar fud na hÉireann

Spriocphobal

Aon duine nó grúpa gur mian leo gréasán Gaeilge do dhaoine óga a bhunú.

Mar shampla:

- Ógeagraíochtaí
- Scoileanna
- Grúpaí Pobail
- Eagraíochtaí Gaeilge
- Coláistí Samhraidh

Cuimseoidh an Straitéis seo grúpaí agus clubanna óige a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge. Is Straitéis don earnáil ina iomláine atá ann agus beidh gá le hionchur ó na páirtithe leasmhara agus iad rannpháirteach i bhforbairt agus cur i bhfeidhm na Straitéise.



Comhthéacs

Ceapadh Cumann na bhFiann sa bhliain 2014 mar Cheanneagraíocht sa réimse **“Forbairt Deiseanna Úsáidte Gaelige agus Gréasán do Dhaoine Óga”** agus tá forbairt na straitéise seo mar chuid den chlár oibre aontaithe le Foras na Gaelige.

Tá Cumann na bhFiann ag freastal ar óige na hÉireann le breis is caoga bliain anuas, agus é mar phríomhaidhm acu an Ghaeilge a chur chun cinn i measc daoine óga i dtimpeallacht spreagúil trí dheiseanna nádúrtha a chruthú d’úsáid na Gaelige mar theanga bheo le struchtúr cinnireachta d’ardchaighdeán.

Bíonn os cionn 5,000 duine óg ag freastal ar imeachtaí agus clubanna Chumann na bhFiann gach bliain. Tá 60 Club seachtainiúil timpeall na tíre le foireann lánaimseartha agus painéal de 150 oibrí deonach a chuireann an tseirbhís seo ar fáil. Is as an struchtúr cinnireachta atá i bhfeidhm san eagraíocht, a thagann formhór na n-oibríthe seo.

Tá fíorthaithí ag an bhfoireann - is iarscoláirí Chumann na bhFiann iad den chuid is mó a tháinig tríd an gcóras cinnireachta. Cuireann siad go mór le torthaí den scoth a bhaint amach leis na modhanna a úsáidtear. Déantar sárchúram de na daoine óga uile mar gheall ar an gcóimheas íseal atá ann idir dhaltaí agus bhaill foirne. Is mar gheall ar na gnéithe seo ar fad atá Cumann na bhFiann in ann a chinntiú go mbeidh líofacht bainte amach ag an duine óg, is cuma cén caighdeán a bhí aici/aige roimh ré.

Is iad na buntáistí a bhaineann leis seo ná go mbíonn an teanga in úsáid i measc na ndaoine óga agus, dá réir sin, bíonn tuiscint níos fearr acu ar an tábhacht atá leis an teanga dár bhféiniúlacht. Chun tairbhe iomlán a bhaint as ballraíocht i gCumann na bhFiann, creidtear go diongbháilte go bhfuil sé riachtanach gach deis a thapú chun an Ghaeilge a labhairt chomh minic agus is féidir.

Chomh maith leis na clubanna óige, eagraíonn Cumann na bhFiann go leor imeachtaí bliantúla náisiúnta, ar nós ceolchoirmeacha, dioscó, agus deirí seachtaine as baile. Ar bharr seo, freastalaítear ar shainspéiseanna na ndaltaí.

Céard is Gréasán Úsáidte Gaeilge do Dhaoine Óga ann?

Daoine óga ag teacht le chéile go fisiciúil agus/nó go fíorúil chun a gcuid smaointe, imeachtaí, gníomhaíochtaí, buanna, imní agus taithí a roinnt ar a chéile. Is gné fíorthábhachtach den saol é teicneolaíocht na faisnéise – mar a luaitear in *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* agus tá sé ríthábhachtach leas a bhaint as chun páirtnéireachtaí a chruthú ar fud an oileáin.

Seo thíos samplaí den saghas imeachta a shamhlaítear a bheadh i gceist;

- Aithne a chur ar dhaoine óga ó ghrúpaí óige eile agus sineirgí úra a cruthú
- Ábhar a chruthú ar-líne, ar nós blaganna, scéalta, fóraim plé, grianghraif agus físeáin
- Úsáid a bhaint as pacáistí cumarsáide leictreonaí chun nascanna fíorúla a chothú
- Imeachtaí a chur chun cinn, ar nós imeachtaí spóirt, drámaíocht, díospóireacht, agus sainspéiseanna
- Cuidiú le pobal cuiditheach agus sláintiúil a chruthú (idir ar líne agus go háitiúil)

Sa *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* faoin gceannteideal **Naisc le húsáid na teanga lasmuigh den scoil luaitear;**

Is é an tátal a bhaintear as iarrachtaí athneartaithe teangacha ar fud an domhain ná go bhfuil sé thar a bheith riachtanach **beocht a chur sa Ghaeilge lasmuigh den seomra ranga i gcás na ndaoine óga atá á foghlaim sa chóras oideachais foirmiúil**. Má táthar le cultúr agus féiniúlacht don óige agus a gcineálacha cuí Gaeilge a chothú, caithfear deiseanna a chur ar fáil le go n-úsáidfear an teanga go nádúrtha agus go gcruthófar **gréasáin chainteoirí trí theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide**. Oibreoidh an earnáil oideachais i gcomhpháirt le gníomhaireachtaí cuí maidir leis sin.

Tá gréasáin den uile chineál ag feidhmiú in Éirinn agus go hidirnáisiúnta (mar shampla Gnó, Mná, Teicneolaíocht, Comhshaoil, Sláinte, Cúrsaí Reatha) ina maítear go dtéann siad chun tairbhe na mball. Ar an gcaoi chéanna rachaidh gréasáin Ghaeilge do dhaoine óga chun tairbhe na ndaoine óga a ghlacfaidh páirt iontu agus cuideoidh siad le hobair na n-eagraíochtaí agus na ngrúpaí ar spéis leo an Ghaeilge a chur chun cinn i measc daoine óga. Mar thoradh ar an straitéis seo a chur i bhfeidhm, cruthófar muintearas agus comhoibriú trí chumarsáid idir ghrúpaí. Roinnfear smaointe agus taithí ar a chéile agus mar thoradh tánaisteach beidh ar chumas na rannpháirtithe aithne níos fearr a chur ar a chéile.

An Staid Reatha

Tá neart seirbhísí óige trí Ghaeilge ar fáil ar fud an oileáin i láthair na huaire. I measc soláthróirí na seirbhísí seo tá ógeagraíochtaí, grúpaí pobail, scoileanna, grúpaí aonarach agus grúpaí atá dírithe ar shainspéiseanna ar leith. Is ar bhonn aonaránach is mó atá na grúpaí seo ag feidhmiú agus moltar cur chuige comhtháite a éascú chun gur féidir na grúpaí seo a neartú agus a gcuid taithí a roinnt ar a chéile. Faoi mar atá le feiceáil thíos, tá na seirbhísí níos láidre i gceantair áirithe i gcomparáid le ceantair eile.

Tá os cionn 700,000 duine óg idir 10-18 mbliana d'aois ar oileán na hÉireann de réir daonáirimh 2011. (www.cso.ie agus www.nisra.gov.uk)

Tá 305 bunscoil lán-Ghaeilge ar oileán na hÉireann agus tá 72 iar-bhunscoil agus aonad lán-Ghaeilge ar fud an oileáin.

I ndaonáireamh 2016 ó dheas, bhí nach mór 40% nó 1.76 milliún duine os cionn 3 bliana d'aois a dúirt go raibh cumas labhartha Gaeilge acu. Mar sin féin, dúirt 32% gur laistigh den chóras oideachais amháin a labhraíonn siad Gaeilge. Is cúis imní é seo má tá an Ghaeilge nasctha leis an seomra ranga den chuid is mó. Léiríonn na figiúirí thuas go bhfuil géarghá le seirbhísí trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil taobh amuigh den chóras oideachais.

https://www.cso.ie/en/media/csoie/releasespublications/documents/population/2017/Caibidil_7_An_Ghaeilge_agus_An_Ghaeltacht_nuashonr%C3%BA.pdf

I ndaonáireamh 2011 sa tuaisceart, d'fhreagair 11%, nach mór 200,000 duine, go raibh cumas éigin acu sa Ghaeilge.

<https://www.nisra.gov.uk/sites/nisra.gov.uk/files/publications/2011-census-results-key-statistics-statistics-bulletin-11-december-2012.pdf>

Tá fás suntasach tagtha ar an ngaelscolaíocht le blianta beaga anuas agus caithfear cuidiú le pobal óg na Gaeilge trí sheirbhísí agus deiseanna úsáidte na teanga a chur ar fáil dóibh atá neamhspleách ar an gcóras oideachais.

Seirbhísí eile ag saothrú i ngort na hÓige ar fud an Oileáin

Bunaíodh Foróige sa bhliain 1952, agus oibríonn siad le breis is 50,000 duine óg idir 10-18 mbliana d'aois trí chlubanna agus tograí óige sa 26 contae. Tá breis is 600 club óige agus 150 togra óige acu. Tá scéim meantóireachta i bhfeidhm acu agus tacaíonn siad le cláir fiontraíochta, saoránachta agus ceannaireachta óige. (www.foroige.ie)

Freastalaíonn Youth Work Ireland ar dhaoine óga trí 340 club óige a reáchtáil. Soláthraíonn siad seirbhís do 116,000 duine óg. Díríonn roinnt mhaith de sheirbhísí YWI ar thograí atreoraithe agus tacaíochta. (www.youthworkireland.ie)

Sheol an tÚdarás Oideachais ó thuaidh scéim phíolótach, Network for Youth, sa bhliain 2016 faoi stiúir an NI Youth Forum i bpáirtnéireacht le Youth Action NI, Young Farmers Clubs of Ulster, Include Youth agus Fóram na nÓg. Is cur chuige é seo chun rannpháirtíocht a neartú sa tseirbhís óige ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach. (www.niyf.org/network-for-youth/)



Soláthróirí Ógclubanna Ghaeilge



Eagraíonn Cumann na bhFiann gréasán d'óg-chlubanna seachtainiúla ar fud an oileáin, mar aon le himeachtaí agus córas oiliúna cinnireachta. Is é aidhm na heagraíochta an Ghaeilge a chur chun cinn i measc daoine óga i dtimpeallacht spreagúil trí dheiseanna nádúrtha a chruthú d'úsáid na Gaeilge mar theanga bheo le struchtúr cinnireachta d'ardchaighdeán atá lárnach d'obair leanúnach na heagraíochta agus d'earnáil óige na Gaeilge. www.cnb.ie



Eagraíocht óige a chuireann seirbhísí obair óige ar fáil trí mheán na Gaeilge do dhaoine óga idir 7-19 mbliana d'aois ar bhonn Uile Oileánda. Tá sé mar aidhm ag Ógras spás sábháilte a chur ar fáil do dhaoine óga ionas gur féidir leo páirt iomlán a ghlacadh i gclár oibre don aos óg atá spleodrach, éagsúil agus pleanáilte agus curtha ar fáil trí Ghaeilge chun machnamh cruthaitheach, neartú muiníne agus forbairt shóisialta a spreagadh. www.ogras.ie



Is iad labhairt agus foghlaim na Gaeilge croílár Spleodar chomh maith le cinnireacht a fhorbairt i ndaoine óga. Is ógeagras é Spleodar a eagraíonn ógclubanna ar fud na tíre chomh maith le cúrsaí samhraidh i gcroílár Chonamara. Tugann na clubanna deis do scoláirí bualadh lena chéile i suíomh sábháilte agus páirt a ghlacadh in imeachtaí lán-Ghaeilge. www.spleodar.com

Feachtas

Eagraíonn Feachtas clubanna óige trí Ghaeilge do dhaoine óga. Tá sé mar aidhm acu an féinriar agus an fhorbairt phearsanta a chur chun cinn i measc bhaill na gclubanna. Cuireann na clubanna óige ceardlanna éagsúla ar fáil agus glacann siad páirt i saol na Gaeilge. Tugann siad cuidiú le clubanna óige a bhunú freisin. www.feachtas.ie



Is eagraíocht ionadaíochta í Fóram na nÓg don earnáil óige Ghaeilge i gCúige Uladh. Is é príomhaidhm na hEagraíochta fás agus forbairt na hearnála óige Gaeilge a éascú le freastal ar riachtanais oideachais agus shóisialta aos óg na Gaeilge. Oibríonn Fóram na nÓg ar leas na gclubanna óige Gaeilge, idir na hoibrithe agus na daoine óga féin. Tá sé mar phríomh-chúspóir ag an Fhóram na clubanna seo a láidriú agus a fhorbairt. www.foramnanog.com



Tá cláracha don óige ar cheann de na gnéithe is tábhachtaí d'obair na heagraíochta. Tá clár óige, maoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta, á réachtáil ag Muintearas le 20 bliain anuas. Cuirtear réimse leathan gearr chúrsaí & tograí sainspéise, maraon le himeachtaí áitiúla agus idir-Ghaeltachta, ar fáil d'aos óg na Gaeltachta. Rinneadh co-nascadh idir Óige na Gaeltachta agus Muintearas i 2015. www.muintearas.com

Grúpaí Pobail:

Tá Grúpaí Pobail ar fud an oileáin ag díriú ar dheiseanna a chur ar fáil do dhaoine áitiúla an Ghaeilge a úsáid agus í a fhorbairt sa cheantar. Mar chuid de seo, bíonn seirbhís faoi leith dírithe ar an aos óg sa cheantar, go minic tríd ógclub nó seirbhísí sainspéise eile a chur ar fáil.


Ógclubanna de réir Cúige

Tá na figiúirí thíos bunaithe ar na hÓgeagraíochtaí thuas agus Grúpaí Pobail atá bainteach le Scéim na nImeachtaí Óige atá urraithe ag Foras na Gaeilge. Glactar leis go bhfuil ógclubanna eile sna Cúigí ar fad nach bhfuil faoi thaifead lárnach, agus beidh sé mar cheann de spriocanna na Straitéise na grúpaí sin a chur san áireamh.


	Líon na gClubanna	Líon daoine óga*	Coibhneas
Cúige Chonnacht	27	55,000	1:2,037
Cúige Uladh	50	230,000	1:4,600
Cúige Laighean	61	275,000	1:4,508
Cúige Mumhan	17	140,000	1:8,235

*Ciallaíonn daoine óga sa chás seo iad siúd idir 10 agus 18 mbliana d'aois
Staitisticí thuas bunaithe ar dhaonáirimh 2011.

Céatadán Clubanna de réir Cúige



Méid Seirbhísí Óige in Éirinn de réir Contae, 2017 - 2019



Seirbhísí agus Imeachtaí Óige in Éirinn

Cúige Uladh:

Seirbhís	Ainm na hEagraíochta	Líon
Ógclub	Cumann na bhFiann	10
Ógclub	Fóram na nÓg	20
Ógclub	Ógras	8
Ógclub	Spleodar	1
Ógclub	Cairde Teo	1
Ógclub	Áras Mhic Reachtain	1
Ógclub	An Droichead	1
Ógclub	Spraoi agus Spórt	1
Ógclub	Muintearas	7

Iomlán na gClubanna = 50

Líon Clubanna de réir Contae:

Contae	Líon
Ard Mhacha	6
An Dún	5
An Cabhán	4
Muineachán	2
Aontroim	12
Doire	5
Tír Eoghain	8
Dún na nGall	8

Cúige Mumhan:

Seirbhís	Ainm na hEagraíochta	Líon
Ógclub	Cumann na bhFiann	7
Ógclub	Ógras	8
Ógclub	Spleodar	0
Ógclub	Feachtas	0
Ógclub	Muintearas	2

Iomlán na gClubanna = 17

Líon Clubanna de réir Contae:

Contae	Líon
Tiobraid Árann	2
Port Láirge	1
Corcaigh	6
Ciarraí	6
An Clár	1
Luimneach	1

Laighean:

Seirbhís	Ainm na hEagraíochta	Líon
Ógclub	Cumann na bhFiann	33
Ógclub	Ógras	14
Ógclub	Spleodar	11
Ógclub	Feachtas	3

Iomlán na gClubanna = 61

Líon Clubanna de réir Contae:

Contae	Líon
Baile Átha Cliath	29
An Lú	1
Cill Dara	9
An Mhí	8
An Iarmhí	3
Cill Chainnigh	2
Ceatharlach	1
Uíbh Fhailí	1
Loch Garman	3
Longfort	2
Laois	0
Cill Mhantáin	2

Cúige Chonnacht:

Seirbhís	Ainm na hEagraíochta	Líon
Ógclub	Cumann na bhFiann	10
Ógclub	Ógras	6
Ógclub	Spleodar	6
Ógclub	Feachtas	0
Ógclub	Muintearas	5

Iomlán na gClubanna = 27

Líon Clubanna de réir Contae:

Contae	Líon
Gaillimh	16
Maigh Eo	4
Liatroim	4
Ros Comáin	1
Sligeach	2

Samplaí d'Imeachtaí/Tionscadail a chuirtear ar fáil do Dhaoine Óga trí Ghréasáin Éagsúla:

Abair (Gael Linn - Uladh)

Comórtas cainte poiblí d'iar-bhunscoileanna i gCúige Uladh www.gael-linn.ie/Abair

Carnabhal na nGaelscoileanna (Cumann na bhFiann)

Bíonn sraith laethanta ar siúl i mí na Bealtaine gach bliain i gCúige Laighean, Uladh agus Mumhan do ghaelscoileanna na tíre. Bíonn sé mar sprioc ag na laethanta spraiúla seo deiseanna úsáidte Gaeilge ar bhonn sóisialta a chur ar fáil do pháistí lasmuigh den scoil. Is deis é chomh maith nasc a chothú idir na gaelscoileanna i dtreo imeachtaí eile sa todhchaí.

Ceardlann (Cumann na bhFiann, Ógras, Feachtas, Fóram na nÓg, Spleodar, Óige na Gaeltachta)

Bíonn ceardlanna éagsúla á n-eagrú go rialta ag na hÓgeagraíochtaí atá dírithe ar bhail na gClubanna agus ar na sainspéiseanna éagsúla atá acu.

Cluichí Tailteann (Ógras)

Téann muintir Ógras (déagóirí) ar thuras chun páirt a ghlacadh i gCluichí Tailteann Ógras. Is deireadh seachtaine lán d'eachtraí, spórt agus spraoi atá i gceist anseo ina mbíonn comórtais spóirt, ceoil, agus damhsa (idir thraidisiúnta agus chomhaimseartha).

Comórtais Ardán (Gael Linn)

Coirm: Féilte siamsaíochta stáitse ar fud na tíre dírithe ar ghaelscoileanna agus ar bhunscoileanna gaeltachta. Deis chun ceoldrámaí/scoraíochtaí/drámaí nó eile a chur ar stáitse in amharclanna d'ardchaighdeán www.gael-linn.ie/coirm.

Siansa: Comórtas agus ceardlanna ceoil do ghrúpaí traidisiúnta le ceoltóirí óga idir 12 agus 19. Duaischiste €4,500 agus an Chraobh sa Cheoláras Náisiúnta www.gael-linn.ie/Siansa

Scléip: Comórtas tallainne dírithe ar iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge. An bhéim ar cheol comhaimseartha www.gael-linn.ie/Scleip

Comórtas Beo (Foras na Gaeilge)

Tá an comórtas Beo dírithe ar an aoisghrúpa 11 – 18 mbliana d’aois agus é mar aidhm aige bannaí ceoil óga a chumasú agus suim sa cheol a spreagadh i measc lucht na hidirbhliana agus daoine óga.

Comórtais Díospóireachta (Gael Linn)

Tá comórtais faoi leith á reáchtáil ag Gael Linn d’iar-bhunscoileanna a ndéantar teagasc trí Ghaeilge iontu (www.gael-linn.ie/UiChadhain), agus comórtais eile atá dírithe ar iar-bhunscoileanna nach ndéantar teagasc trí Ghaeilge iontu (www.gael-linn.ie/AnPhiarsaigh)

Comórtas Gaelbhratach (Gael Linn)

Scéim tacaíochta de chuid Fhoras na Gaeilge is ea Gaelbhratach do scoileanna de gach saghas ar fud na hÉireann. Déanann Gael Linn an scéim a riaradh le tacaíocht ó Chonradh na Gaeilge agus ó Ghlór na nGael agus le maoiniú bliantúil ó Fhoras na Gaeilge. Díríonn Gaelbhratach ar chur chun cinn na Gaeilge ar bhonn struchtúrtha, pleanáilte agus taitneamhach sna bunscoileanna agus sna hiar-bhunscoileanna. www.gaelbhratach.ie

Comórtas Thráth na gCeist (Feachtas)

Eagraíonn Feachtas Comórtas idir-scoileanna Thráth na gCeist ar fud na tíre gach bliain. Eagraítear craobhacha réigiúnda ó mhí Dheireadh Fómhair ar aghaidh agus tagann na buaiteoirí go Baile Átha Cliath don Chraobh Comórtas ag tús mí Márta, i rith Seachtain na Gaeilge.

Cúrsaí Cumarsáide don Idirbhliain:

Múintear cúrsaí a mhúintear trí Ghaeilge chun deis a thabhairt do dhaltá na hIdirbhliana bunscoileanna sna meáin chumarsáide a fhorbairt. Déanann na daltaí gearrscannán, chomh maith le clár raidió i stiúideonna Raidió na Life. Bíonn na cúrsaí ar siúl in Ardoifig Gael Linn i mBaile Átha Cliath www.gael-linn.ie/cursai

Cúrsaí Oiliúna d’Oibrithe Óige (Cumann na bhFiann, Ógras, Feachtas, Fóram na nÓg, Spleodar, Óige na Gaeltachta)

Bíonn cúrsaí oiliúna á n-eagrú go rialta ag na hÓgeagraíochtaí Gaeilge ag a ndéantar cinnte de go mbeidh an oiliúint chuí ag gach duine agus iad ag dul i mbun na gclubanna. Cuirtear oiliúint ar fáil ar an reachtaíocht maidir le sábháilteacht agus sláinte agus dea-chleachtais faoi na riachtanais eile is gá chun imeachtaí óige a réachtáil go héifeachtach.

Féilte Peile Gael Linn (Gael Linn)

Bíonn cúig cinn d’fhéilte peile dírithe ar ghaelscoileanna agus ar bhunscoileanna gaeltachta, agus bíonn siad lonnaithe i ngaeltachtaí éagsúla thar dhá lá i mí Bealtaine agus bíonn 8 gcinn de fhoirne páirteach i ngach ceann acu le 18 ar gach phainéal www.gael-linn.ie/imeachtaí

Raidió Rí Rá – Raidió Idirlín (Conradh na Gaeilge)

Is cairt-stáisiún ceoil é Raidió Rí-Rá a bhíonn ag craoladh go hiomlán trí Ghaeilge. Bíonn an ceol ar fad ó na cairteacha le cloisteáil ar an stáisiún, mar aon leis an bpopnuacht, an nuacht spóirt agus an nuacht scannánaíochta is déanaí. Bunaíodh Raidió Rí-Rá sa bhliain 2008 agus bíonn siad ag obair le ceoltóirí mór le rá ar nós na Bell X1, Heathers, Glen Hansard agus The Riptide Movement. Mar aon leis seo, bíonn réaltaí móra le cloisteáil ar Raidió Rí-Rá go minic ar nós Ronan Keating, Nicky Byrne agus The Coronas.

Scléip na hÓige (Cumann na bhFiann)

Is imeacht ceithre lá é seo atá dírithe ar dhaoine óga ó chlubanna ar fud na tíre le páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí ar nós spóirt, ealaíne, rince, ceol, Tráth na gGeist, cluichí, comórtais, ceardlanna agus céilí. Freastalaíonn baill Chumann na bhFiann, Spleodar, Ógras agus Feachtas ar an imeacht a bhíonn ar siúl sa cheantar céanna ina mbíonn Féile Oireachtas na Samhna gach bliain.

Slógadh Spleodar (Spleodar)

Is teacht le chéile clubanna Spleodar é seo in Áth Luain. Bíonn dinnéar na Nollag acu ar fad le chéile agus ansin bíonn lá mór comórtas na gclubanna ann.

Tóstal na bhFiann (Cumann na bhFiann)

Is imeacht mór lae é seo a bhíonn ar siúl go bliantúil ina mbíonn deis bolscaireacht a dhéanamh ar an nGaeilge mar theanga bheo atá á labhairt ag daoine óga. Tugann sé deis ardán a chur ar fáil os comhar slua mór daoine óga, do ghrúpaí ceoil móra le rá a gcuid amhráin a chasadh i nGaeilge, mar atá déanta ag The Coronas, The Heathers agus ag Seo Linn go dtí seo.

Tóstal Spleodar (Spleodar)

Is imeacht mór lae é seo a bhíonn ar siúl san Fhómhar gach bliain do bhaill Spleodar le obair an tSamhraidh a cheiliúradh agus tús a chur le bliain na gClubanna ar fud na tíre. Bíonn neart imeachtaí éagsúla ar siúl i rith an lae in oiriúint don ghrúpa a fhreastalaíonn ar an imeacht.

Turas na nÓg (Cumann na bhFiann)

Is turas é seo a eagraíonn Cumann na bhFiann do bhaill na gClubanna atá san aoisghrúpa 10-14. Bíonn sé ar siúl in ionad atá oiriúnach don aoisghrúpa, mar shampla, turas go dtí an Zú, turas go Páirc an Chrócaigh, nó turas go Feirm Causey.

Struchtúr Feidhmithe

Beidh rath na Straitéise ag brath go mór ar chomhoibriú éifeachtach idir na páirtithe leasmhara ar fad agus monatóireacht leanúnach éifeachtach a bhaint amach. Seo a leanas na struchtúir éagsúla a bheidh i bhfeidhm leis na spriocanna agus na cuspóirí a bhaint amach:

1. Meamram Tuisceana idir na páirtithe leasmhara

Cruthófar Meamram Tuisceana i gcomhar leis na páirtithe leasmhara i dtreo is go mbeidh gach páirtí soiléir faoina ról

2. Athbhreithniú leanúnach ar dhul chun cinn na Straitéise

Déanfar monatóireacht rialta ar dhul chun cinn agus déanfar athruithe cuí de réir mar is gá chun tairbhe chur i bhfeidhm na Straitéise.

3. Plean Oibre Faofa

Aontófar Plean Oibre leis na páirtithe leasmhara chun go mbeidh gach páirtí soiléir faoina ról agus a dhualgais.

4. Tuairiscí rialta curtha ar fáil d'Fhoras na Gaeilge

Cuirfear tuairisc scríofa ar fáil d'Fhoras na Gaeilge uair sa ráithe maidir le dul chun cinn na Straitéise mar aon le tuairisc chomparáideach ag deireadh gach bliana.

Straitéis Chéimnithe

Céim 1: Comhoibriú

Díreofar sa chéim seo ar na páirtithe leasmhara a chur ar an eolas faoin Straitéis agus na spriocanna a bhaineann leis. Reáchtálfar cruinnithe leis na Páirtithe Leasmhara ar fad;

Ógeagraíochtaí, Grúpaí Pobail, Ceanneagraíochtaí, Scoileanna, Coláistí Samhraidh, Grúpaí Óige eile.

Spriocanna:

- (i) Eolas a bhailiú ar na seirbhísí atá ar fáil don óige trí mheán an Bhéarla.
- (ii) Eolas a chuimsiú ar na seirbhísí trí mheán na Gaeilge atá ar fáil faoi láthair don óige, go háirithe iad siúd nach bhfuil ar thaifead lárnach.
- (iii) Tuairimí agus moltaí na bpáirtithe leasmhara a lorg, aon chúis inmí acu a phlé agus deiseanna comhoibrithe a aimsiú.
- (iv) Acmhainní tacaíochta riachtanacha a aithint, idir acmhainní atá ann cheana féin agus acmhainní atá de dhíth. Moltaí dá réir a dhéanamh chun tacú le gréasáin reatha agus gréasáin nua

Páirteach: Cumann na bhFiann agus na páirtithe leasmhara

Freagrach: Cumann na bhFiann

Toradh: Beidh na páirtithe leasmhara ar an eolas faoin Straitéis seo. Daoine agus grúpaí i láthair sásta a bheith rannpháirteach sa Straitéis. Beidh eolas faoi sheirbhísí óige bailithe. Beidh acmhainní atá riachtanach don Straitéis aitheanta.

Céim 2: Plean Oibre Comhtháite

Leagfar amach Plean Oibre bunaithe ar thorthaí an chruinnithe thuas agus ar thaighde leanúnach. Beidh sé mar chuspóir leis daoine agus grúpaí timpeall na tíre a spreagadh le gréasáin óige a bhunú.

Páirteach: Cumann na bhFiann agus daoine/grúpaí a léiríonn spéis sa Straitéis

Freagrach: Cumann na bhFiann agus ionadaithe deonacha ó eagraíochtaí eile

Toradh: Plean Oibre cruthaithe agus daoine/grúpaí cuí aitheanta

Céim 3: An Scéal a Scaipeadh

Plean poiblíochta deartha agus feachtas ardaithe feasachta curtha ar bun chun go mbeidh an Straitéis chomh huileghabhálach agus is féidir.

Páirteach: Cumann na bhFiann agus Páirtithe Leasmhara

Freagrach: Cumann na bhFiann

Toradh: Beidh eolas faoin Straitéis chomh forleathan agus is féidir.

Céim 4: Tomhas ar an Dul Chun Cinn

Déanfar monatóireacht agus measúnú leanúnach ar an dul chun cinn agus forbairt na Straitéise, mar aon le leasuithe (más ann dóibh) ar an Straitéis a chur i bhfeidhm.

Páirteach: Cumann na bhFiann agus na Páirtithe Leasmhara

Freagrach: Cumann na bhFiann

Toradh: Straitéis éifeachtach i bhfeidhm



Buntáistí de thoradh chur i bhfeidhm na Straitéise

- Deiseanna a chur ar fáil do dhaoine óga ó chúlraí éagsúla aithne a chur ar a chéile trí mheán na Gaeilge.
- Cuirfear le líon na ndaoine óga a bhfuil spéis acu sa Ghaeilge.
- Cuirfidh daoine óga feabhas ar a gcuid Gaeilge de bharr deiseanna úsáide breise a bheith curtha ar fáil.
- Cur chun cinn na Gaeilge i gcoitinne de bharr go bhfeicfidh daoine óga na deiseanna breise a chuirfidh na gréasáin ar fáil dóibh.
- Deiseanna sealbhaithe teanga agus scileanna riaracháin agus ceannaireachta curtha ar fáil do dhaoine óga.
- An Ghaeilge a nascadh le himeachtaí taobh amuigh den chóras oideachais ionas go dtuigfidh daoine óga gur teanga laethúil í an Ghaeilge.
- Cur le scileanna cumarsáide na ndaoine óga agus na foirne atá i mbun na hoibre.
- Daoine óga nach bhfuil páirteach i ngluaiseacht na Gaeilge a mhealladh chun í a labhairt.
- Daoine óga a fhorbairt mar chinnirí agus riarthóirí don todhchaí.
- Feasacht teanga a chur chun cinn.
- Deiseanna a chruthú do dhaoine óga a bheith páirteach i ngluaiseacht uile-oileáin agus a bheith gníomhach i bhfeachtais fhóna phobalbhunaithe.
- Gréasáin éagsúla cainteoirí a chruthú le réimse leathan spéiseanna.
- Rochtain ar scéimeanna tacaíochta, m.sh. TechSpace as Gaeilge: Scéim ag an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta, a chuireann deontais TFC ar fáil.

Réimsí Gnímh

Cúrsaí Oiliúna

Cuirfidh Cumann na bhFiann cúrsaí oiliúna ar fáil do ghrúpaí atá ag baint leas as an Straitéis. I measc na n-ábhar beidh eolas ar an Straitéis agus na hacmhainní atá ar fáil.

Córas Tacaíochta ar líne

Cruthófar suíomh gréasáin chun freastal ar an Straitéis seo agus beidh sé mar mhol eolais agus foghlama do chách. Beidh deis ag grúpaí a gcuid moltaí a roinnt ar leathanach teagmhála.

Córas Tacaíochta Áitiúil

Mar chuid den Phlean Oibre, déanfar éascú ar nascanna a chruthú idir ghrúpaí ar spéis leo a bheith páirteach sa Straitéis seo.

Ceardlanna

Reáchtálfar ceardlanna, de réir éilimh agus acmhainní. Beidh deis ag ionadaithe bualadh lena chéile agus foghlaim ó thaithí a chéile.

Tionól Uile-Oileáin

Tabharfar cuireadh d'ionadaithe ó gach grúpa in Éirinn atá páirteach sa Straitéis teacht le chéile chun ionchur a bheith acu sa Straitéis.

Aguisín 1

Na Páirtithe Leasmhara (ord aibítire)

- Comhairle na Gaelscolaíochta
- Conradh na Gaeilge (Craobhacha Áitiúla)
- Cumann na bhFiann
- Eagraíochtaí Tuismitheoirí
- Feachtas
- Fóram na nÓg
- Foras na Gaeilge
- Foras Pátrúnachta
- Gaeloideachas
- Gael Linn (Comórtas Gaelbhratach)
- Gaelscoileanna/Gaelcholáistí
- Glór na nGael (Coistí Áitiúla)
- Grúpaí Pobail
- Grúpaí Sainspéise (m.sh. Spórt, Ceol, Ealaín.)
- Ionaid Ghaeilge
- Líonraí Gaeilge
- Muintearas - Óige na Gaeltachta (Údarás na Gaeltachta)
- Ógeagraíochtaí eile
- Ógras
- Oireachtas na Gaeilge
- Ranna Rialtais
- Scéimeanna Phobail Ghaeilge
- Scoileanna
- Spleodar

Aguisín 2

Taighde a thacaíonn leis an riachtanas an Straitéis seo a chur i bhfeidhm

Is léir go bhfuil gá le deiseanna úsáidte Gaeilge a sholáthar taobh amuigh den seomra ranga:

Léirigh comhairliúchán a rinne Fóram na nÓg (2014) nach raibh aon deis eile ag 97% de dhaoine óga a d'fhreastail ar chlub óige Gaeilge a gcuid Gaeilge a úsáid taobh amuigh den scoil. Cuireann obair óige Ghaeilge seirbhís riachtanach ar fáil do pháistí agus do dhaoine óga agus iad ag baint sult as na buntáistí móra a bhaineann le hobair óige agus an deis acu a gcuid scileanna teanga a chleachtadh agus a neartú fosta, rud a chuireann go mór leis an oideachas dátheangach. www.foramnanog.com/obair-oige/

Léiríonn cuid de na torthaí ó shuirbhé a rinne Gaelscoileanna Teo. (Gaeloideachas mar atá ann anois) sa bhliain 2012 go bhfuil gá le feachtas feasachta chun oidí scoile a chur ar an eolas maidir le seirbhísí óige timpeall orthu.

D'fhreagair 34% go raibh baint ag an scoil le haon choiste Gaeilge go háitiúil

Mar fhreagra ar an gceist “An bhfuil aon eagrais Gaeilge ag feidhmiú sa cheantar (scoilcheantar), go bhfios duit?” d'fhreagair 52.7% go raibh, 23% nach raibh agus 24.3% nach raibh a fhios acu.

Ar fáil sa Treoirleabhar do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge d'Fhorbairt an Scoilphobail dar teideal ‘Ár bPolasaí Scoilphobail’ 2013

www.gaelscoileanna.ie/files/1-%C3%81r-bPolasa%C3%AD-Scoilphobail-TEXT_Layout-1.pdf

Sa ghrinnstaidéar cuimsitheach a rinne Helen Ó Murchú, More Facts about Irish, sa bhliain 2008, léiríonn an t-údar an tábhacht lárnach atá ag baint le daoine óga do thodhchaí na teanga:

Young people are seen as vital to the maintenance of the language. For this reason they form an important part of policy for the Department with responsibility for the language; for an tÚdarás and for Foras na Gaeilge; for the voluntary sector. (Ó Murchú 2008:191)

Agus í ag cur síos ar an riachtanas le cur chuige comhordaithe, molann sí:

To reap the full benefit, however, some form of co-ordination and evaluation of results, both temporary and more lasting, appears necessary, but without stifling the undoubted enthusiasm and creativity exhibited. (*ibid* 192)

Sa saothar taighde Dearcadh an Phobail i leith na Gaeilge ar oileán na hÉireann (2015), léirítear go dtacaíonn an taighde idirnáisiúnta leis an ngá atá le deiseanna úsáidte Gaeilge sa phobal a éascú:

Tugann taighde idirnáisiúnta le fios go gcaithfear deiseanna a bheith ann chun an teanga a úsáid sa phobal i gcoitinne más mian an teanga sin a athbheochan agus a chothú. Bíodh is go bhfuil níos mó deiseanna ná riamh ann chun teagmháil a bheith agat leis an nGaeilge trí na meáin chlóite agus chraolta, ní mór gné na cumarsáide a fhorbairt. D'fhéadfadh grúpaí Gaeilge agus cúrsaí oideachais (cúrsaí ar líne san áireamh, agus cúrsaí trasteorann, b'fhéidir) tuilleadh deiseanna a chur ar fáil do dhaoine chun an teanga a chleachtadh. (*Darmody agus Daly 2015:92*)

Admhaíonn siad go mbeidh sé dúshlánach agus molann siad go ndéanfaí iniúchadh sa bhreis ar ról na bpobal Gaeilge chun deiseanna úsáide a sholáthar:

an dúshlán is mó ná deiseanna a chur ar fáil chun an Ghaeilge a úsáid i gcomhthéacsanna sóisialta. D'fhéadfaí staidéir bhreise a dhéanamh ar ról na bpobal Gaeilge i bhforbairt beartas teanga agus ar dheiseanna a sholáthar do dhaoine de gach aois an Ghaeilge a úsáid. (*ibid* 93)

Foras na Gaeilge – ESRI Darmody, M., Daly, T. 2015

Sa bhliain 2008 tugadh faoi thaighde dar teideal Daoine Óga agus Teangacha Mionlaigh (Úsáid teanga lasmuigh den seomra ranga). Bhí an staidéar seo dírithe ar an nGaeilge, ar an mBreatnais, ar an gCatalóinis agus ar an mBascais.

Tacaíonn taighde na n-údar leis an riachtanas a bhaineann leis an Straitéis áirithe seo a chur i gcrích:

Aithnítear go forleathan nach dtig leis an tumoideachas páistí a thabhairt ach ar fad áirithe ar thuras an dátheangachais fheidhmigh (*Ó Riagáin et al 2008:2*)

Chun cur leis an tacaíocht, leanann siad orthu;

Mar sin féin, ní chruthóidh an tumoideachas as féin teaghlaigh labhartha Gaeilge ná pobail, mura bhfuil struchtúir eile thacaíochta ann le deiseanna úsáidte Gaeilge a chur ar fáil, deiseanna a chothóidh gnás úsáidte na Gaeilge i measc an aosa óig. (*ibid:2*)

I measc aidhmeanna an staidéir seo, bhí:

An tionchar atá ag gníomhaíocht iarscoile i mionteangacha thar réimse sochaithe a shainaithint agus a mheasúnú maidir leis an toil chun an teanga a úsáid agus úsáid teanga lasmuigh de chomhthéacsanna foirmeálta scoile. (*ibid,:3*)

Mar fhocal scoir, tá moladh láidir i measc na gconclúidí a thacaíonn leis an ngá atá ag daoine óga an Ghaeilge a bheith mar chuid nádúrtha den saol lasmuigh den seomra ranga:

Creidtear ról a bheith ag gníomhaíochtaí struchtúrtha iarscoile chun an scoil a nascadh leis an chomhthéacs lasmuigh den scoil, agus chun na piarghréasáin labhartha Ghaeilge a foirmíodh ar scoil a neartú dá réir. Céim thábhachtach is ea é caidrimh a bhunú lasmuigh den scoil i dtaca le sóisialú ógbhaidhe agus cuireann sé comhthéacs neamhfhoirmeálta ar fáil inar féidir scileanna teangeolaíochta cuí a fhorbairt agus a choinneáil le himeacht aimsire. (*ibid,:14*)

Pádraig Ó Riagáin, Glyn Williams, F. Xavier Vila i Moreno 2008 - Ionad Léinn um Theanga agus Chumarsáid, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

www.comhairle.org/PDFs/publications/Daoine%20Oga%20agus%20Teangacha%20Mionlaigh.pdf





